Iompraíocht leanaí scoile in Éirinn maidir le caitheamh tobac

Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins agus foireann HBSC na hÉireann, an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.
Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.

Staidéar taighde is ea Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde[1] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (An Eoraip) agus a chomhordaigh an tOllamh Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2006, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 10,334 leanbh scoile in Éirinn. Roghnaíodh na leanaí seo ó scoile-anna randamacha ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:
http://www.hbsc.org
http://www.nuigalway.ie/hbsc/

Achoimre

Tá sé faighte amach ag HBSC na hÉireann 2006 go bhfuil 15.3% de leanaí scoile ag caitheamh tobac in Éirinn faoi láthair. Is laghdú leanúnach é sin ó 1998 (21.2%). Tá an céatadán atá ag caitheamh tobac níos airde i measc na bpáistí atá níos sine. Caitheann 3.2% de bhuachaillí agus 1.7% de chailíní san aois ghrúpa 10-11 tobac ach caitheann 22.8% de bhuachaillí agus 27.7% de chailíní san aoisghrúpa 15-17 tobac. Tá seans níos lú ann go ndéarfaidh siad siúd a bhíonn ag caitheamh tobac go bhfuil sé éasca acu labhairt lena dtuismitheoirí nó go bhfuil siad ina gcónaí le beirt tuismitheoirí. Tá níos mó seans ann go léireoidh siad go bhfuil sé sca acu labhairt lena ndlúthchara, go bhfuil dearcadh diúltach acu i leith na scoile, go bhfuil brú orthu ó obair scoile, go ndearnadh bulaíocht orthu agus go gcaitheann siad níos mó ama lena gcairde sa tráthnóna. Is éard a chiallaíonn "daoine atá ag caitheamh tobac faoi láthair" sa bhileog eolais seo ná daoine a deir go gcaitheann siad tobac ar a laghad uair amháin sa mhí.

Cén fáth an t-ábhar seo?

Is é an caitheamh tobac is príomhshiocair báis sa domhan agus an fáth is mó a mbíonn míchothromaíocht i gcúrsaí sláinte i dtíortha le hioncam íseal[2]. Is iomaí staidéar a léiríonn go gceapann roinnt áirithe leanaí in Éirinn gur comhartha ar theacht in inmhe a bheith ag caitheamh tobac agus gur gnáthchuid den saol é[3]. Cuireann fadhbanna reispráide, aitéiriscléarosis ag aois óg agus easpa aclaíochta as do dhaoine óga a chaitheann toitíní[4].

Treochtaí 2002-2006

Tá laghdú leanúnach tar éis teacht ar an gcéatadán páistí a deir go gcaitheann siad tobac, ó 18.6% in 2002 go 15.3% in 2006. Tá sé seo le feiceáil i measc buachaillí agus cailíní agus i ngach aoisghrúpa. Tá an laghdú is suntasaí i measc páistí san aoisghrúpa 15-17 (ó 31.8% in 2002 go 25.1% in 2006).



An céatadán reatha de lucht caite tobac, de réir aoise agus inscne

Iompraíocht caitheamh tobac i gcomhthéacs

- Ní bhíonn sé chomh héasca ag leanaí a chaitheann tobac labhairt lena máithreacha (67.8% vs. 82.9%) agus lena n-aithreacha (47.9% vs. 66.8%) seachas iad siúd nach gcaitheann tobac.
- Is lú an seans go mbeidh leanaí a chaitheann tobac ina gcónaí le beirt tuismitheoirí (68% vs. 83%).
- Is mó an seans go léireoidh leanaí a chaitheann tobac go gcuireann obair scoile brú orthu (50% vs. 39%) agus is lú an seans go léireoidh siad go dtaitníonn an scoil leo (45% vs. 72%) seachas leanaí nach gcaitheann tobac.
- Is mó an seans go mbeidh sé níos fusa ag leanaí a chaitheann tobac seachas páistí eile caint leis an gcara is fearr atá acu (91% vs. 87%).
- Is mó an seans go gcaithfidh leanaí a chaitheann tobac breis agus ceithre thráthnóna sa tseachtain le cairde seachas leanaí nach gcaitheann tobac (58% vs. 39%).
- Níl aon cheangal idir caitheamh tobac agus aicme sóisialta.



An céatadán díobh siúd in aois a 15 a chaitheann tobac, de réir tíre

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad Beartas um Chothú Sláinte, aonad de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na leanaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna go léir a ghlac páirt sa taighde seo agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Is féidir na bileoga eolais go léir chomh maith le foilseacháin agus tuarascálacha eile de chuid an HBSC a íoslódáil ónár láithreán gréasáin: http://www.nuigalway.ie/hbsc

Déan teagmháil linn ag:
hbsc@nuigalway.ie

Idirnáisiúnta

Rangaítear leanaí scoile d'aois cúig bliana déag (buachaillí agus cailíní) in Éirinn sa naoú háit déag i measc 40 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Thuairiscigh 24% díobh go raibh siad ag caitheamh tobac faoi láthair. Ar an iomlán, tuairiscíonn 2% díobh siúd atá aon bhliain déag d'aois (26ú háit) agus 9% díobh siúd atá trí bliana déag d'aois (19ú háit) go bhfuil siad ag caitheamh tobac faoi láthair.

Impleachtaí

De réir mar a thuairiscíonn páistí scoile in Éirinn, tá an líon reatha díobh a chaitheann tobac tar éis titim le himeacht na mblianta, go háirithe ina measc siúd atá idir cúig bliana déag agus seacht mbliana déag d'aois. Rangaítear Éire thart ar lár báire i measc tíortha eile a ghlac páirt in HBSC 2006. Tá rátaí caitheamh tobac níos airde i gcuid mhór de na tíortha in oirthear na hEorpa ná in Éirinn. Tugann na sonraí seo le tuiscint nach bhfuil baol chomh mór ann go dtosóidh siad siúd a bhfuil dea-chaidreamh acu lena dtuismitheoirí ag caitheamh tobac. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh sé go méadódh caidreamh lena gcomhpháirtithe an baol go mbeidh páistí scoile ag caitheamh tobac. Is mó an seans go mbeidh cailíní atá ag aois níos sine in Éirinn ag caitheamh tobac ná buachaillí. Dá bharr sin, d'fhéadfadh sé go mba chóir cláir a fhorbairt a bheadh feiliúnach ó thaobh inscne de, agus é mar aidhm acu leanaí scoile a chosc ó thosú ag caitheamh tobac chomh maith le cuidiú leo éirí as.

Tagairtí

1. Currie, C., Nic Gabhainn, S., Godeau, E., Roberts, C., Smith, R., Currie, D., Pickett, W., Richter, M., Morgan, A. & Barnekow, V. (eag.) (2008). *Inequalities in young people's health: HBSC international report from the 2005/2006 survey.* Copenhagen: WHO Regional Office for Europe, (Health Policy for Children and Adolescents, No 5.

2. Frieden, T. R. & Bloomberg, M.R. (2007). How to prevent 100 million deaths from tobacco. *Lancet, 369*, 1758-61.

3. Treacy, M., Hyde, A., Boland, J., Whitaker, T., Abaunza, P.S. & Stewart-Knox, B.J. (2007). Children talking: Emerging perspectives and experience of cigarette smoking. *Qualitative Health Research, 17*(2), 238-49.

4. Elliott, B.M. & Grunberg, N.E. (2005). Adolescent Tobacco Use. In J.H. Owing (Ed.) *Trends in Smoking and Health Research.* New York: Nova Science.

D'ullmhaigh Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins, Graham Brennan, Pauline Clerkin, Aingeal de Róiste, Clíona Fitzpatrick, Colette Kelly, Michal Molcho, Larri Walker agus Saoirse Nic Gabhainn an bhileog eolais seo.